# Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha faoi bhráid agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Airgeadais.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar 5 Iúil 2011. Sular socraíodh feidhmeanna na Roinne Airgeadais a scaradh i dhá roinn, d'fheidhmíodh sí faoi cheithre Limistéar Rannacha. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

- Caiteachas poiblí agus beartas earnála
- Beartas bainistíochta i leith na seirbhísí poiblí

D'fhan dhá chlár sa Roinn Airgeadais :

- Cánachas Buiséid agus Beartas Eacnamaíoch
- Beartas na seirbhísí Airgeadais

Cruthaíodh clár nua, feidhm na Seirbhísí Roinnte leis na costais sin a ghabháil a bhaineann le bainistiú linne comhchoitinne foirne agus áiseanna idir an dá Roinn.

Eisíodh na costais maidir leis an dá rannán a aistríodh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ón gcuntas seo agus taispeántar iad i gCuntas Leithreasa na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 42). Athdhearbhaíodh figiúirí comparáideacha 2010 dá réir.

Scoilteadh na sócmhainní seasta idir an dá Roinn. Taispeántar trealamh TE i gcuntas Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coimeádadh sócmhainní seasta eile, troscán agus feistis agus trealamh oifige i gcuntas Oifig an Aire Airgeadais. Scoiltear costais dímheasta na sócmhainní seasta idir an dá Roinn ar bhonn líon na foirne.

**John Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais
22 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 6: Oifig an Aire Airgeadais le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam gur choinnigh an Roinn Airgeadais leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2012

# Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh[1] |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Polasaí Eacnamaíoch, Cánachais agus Buiséid | 7,450 | 6,803 | 5,946 |
| B | Polasaí na Seirbhísí Airgeadais | 9,650 | 7,641 | 10,284 |
| C | Seachadadh seirbhísí comhroinnte [2] | 9,958 | 9,950 | 9,258 |
| | **Ollchaiteachas** | **27,058** | **24,394** | **25,488** |
| D | **Asbhain Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,201** | **1,812** | **3,511** |
| | **Glanchaiteachas** | **25,857** | **22,582** | **21,977** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€3,275,382** | **€8,283,204** |

| | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh[1] |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| (i) | Tuarastail, pánna agus liúntais | 17,757 | 17,478 | 15,987 |
| (ii) | Taisteal agus cothabháil | 306 | 299 | 224 |
| (iii) | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 797 | 666 | 684 |
| (iv) | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 775 | 708 | 690 |
| (v) | Trealamh oifige agus seirbhísí TF | 980 | 982 | 999 |
| (vi) | Costais áitreabh oifige | 725 | 825 | 649 |
| (vii) | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 28 | — | — |
| | *Luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaí* | — | — | *567* |
| | | **21,368** | **20,958** | **19,800** |

[1] Do chuspóirí comparáideacha ní chuimsíonn toradh 2010 ach na cláir agus na costais riaracháin ghaolmhara sin a bhaineann go sonrach leis an Roinn Airgeadais do 2011. Áirítear na costais eile de chuid 2010 mar a tuairiscítear i gCuntas Leithreasa 2010 sa Chuntas Leithreasa i ndáil le Vóta 42 (Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).

[2] Áirítear íocaíochtaí de chuid €52,000 a bhí faoi fotheideal A.8 (Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí) de chuid an Vóta in 2010.

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 [1] €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas cláir | | | 3,350 | 5,432 |
| Pá | | | 17,564 | 16,191 |
| Neamhphá | | | 3,480 | 3,865 |
| **Ollchaiteachas** | | | 24,394 | 25,488 |
| Asbhain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 1,812 | 3,511 |
| **Glanchaiteachas** | | | 22,582 | 21,977 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | | (143) | | |
| Dímheas | | 1,189 | 1,046 | 363 |
| | | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | | |
| Gluaiseacht i bhfabhruithe deiridh | | 222 | | |
| Laghdú stoic [2] | | 32 | | |
| | | | 254 | 69 |
| **Caiteachas díreach** | | | 23,882 | 22,409 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 14,559 | 14,265 |
| Meas-chíosanna | | | 1,454 | 2,014 |
| | | | **39,895** | **38,688** |

[1] Eisiann an toradh don bhliain 2010 costais i ndáil leis na cláir a aistríodh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nua in 2011. Áirítear na costais seo faoi Vóta 42.

[2] Cuimsíonn an figiúr seo costas párolla €86,000 a mhuirearaítear go ceannteideal B.5 – Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

[3]Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 6) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 42) a gcuid stoc. Le haghaidh éifeachtúlachta agus áisiúlachta, déantar caiteachas ar stáiseanóireacht agus stoic a thaifeadadh faoi Vóta 6 agus déantar caiteachas ar ábhair TF a thaifeadadh faoi Vóta 42. Mar sin féin, ós rud é go roinntear na stoic, áirítear iad sna nótaí i ndáil le costas oibriúcháin a ghabhann le Cuntais Vóta 6 agus Vóta 42 agus leithdháiltear iad ar bhonn líon foirne sna Ranna faoi seach.

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,850 | 11,785 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,009 | 2,296 |
| 20 | Garda Síochána | 62 | 92 |
| | Lárchiste - pinsin na nAirí s.rl. | 163 | 92 |
| | | 15,084 | 14,265 |
| 6 | Seirbhísí gaolmhara - costas cionroinnte an phárolla roinnte | (525) | — |
| | | **14,559** | **14,265** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2011 [1]

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,191 | 5,336 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | — | 186 |
| | | **1,191** | **5,522** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 585 | 1,226 |
| Stoic [2] | 2.4 | 23 | 55 |
| Réamhíocaíochtaí | | 353 | 757 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 120 | 213 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,081** | **2,251** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 141 | 323 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 692 | 1,416 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 13 | 23 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **846** | **1,762** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **235** | **489** |
| **Glansócmhainní** | | **1,426** | **6,011** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | | **1,426** | **6,011** |

[1]Léiríonn iarmhéideanna 2011 gur aistríodh feidhmeanna áirithe ón Roinn Airgeadais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2011. Níltear tar éis iarmhéideanna 2010 a roinnt idir an dá Roinn.

[2] Féach fonóta 3 a ghabhann leis an ráiteas faoi chostas oibriúcháin (nóta 1).

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 24,343 | 5,247 | 2,280 | 31,870 |
| Breiseanna | — | 25 | 88 | 113 |
| Aistrithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (24,343) | — | — | (24,343) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | — | 5,272 | 2,368 | 7,640 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 20,389 | 3,973 | 2,172 | 26,534 |
| Aistrithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (20,389) | — | — | (20,389) |
| Dímheas don bhliain | — | 238 | 66 | 304 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011 | — | 4,211 | 2,238 | 6,449 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **—** | **1,061** | **130** | **1,191** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **3,954** | **1,274** | **108** | **5,336** |

Suas go 31 Nollaig 2010, taifeadadh gach sócmhainn chaipitil ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann clár na sócmhainní ionad lonnaithe an ghnólachta atá ag baint úsáide as an tsócmhainn. Dá thoradh sin, níorbh fhéidir na sócmhainní a scoilt idir na haonaid sin atá fós sa Roinn agus na cinn sin a bhí le haistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealaimh oifige a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní trealaimh TE a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar dímheas ar shócmhainní a ghearradh chuig gach Roinn ar bhonn líon na foirne.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ag 31 Nollaig 2011

| | Feidhmchláir ríomhaireachta in-tí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | 186 |
| Méideanna aistrithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | (186) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2011 | — |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 586 | 1,230 |
| Orduithe gan íoc | (1) | (4) |
| | 585 | 1,226 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 17 | 22 |
| Ábhair inchaite TF | 6 | 33 |
| | 23 | 55 |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 43 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 43 | 21 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 71 | 135 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 6 | 14 |
| | 120 | 213 |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 264 | 572 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 117 | 298 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 46 | 174 |
| Cáin Bhreisluacha | 22 | 30 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 45 | 61 |
| Tobhach Ioncaim | — | 60 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 78 | — |
| | 572 | 1,195 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 84 | 178 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 30 | — |
| Dlite do sheirbhísí a bhainistítear ag OOP | 1 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 5 | 43 |
| | 692 | 1,416 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 3,275 | 8,283 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (3,262) | (8,260) |
| Glandliteanas don Státchiste | 13 | 23 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 585 | 1,226 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 120 | 213 |
| | 705 | 1,439 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (572) | (1,195) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (120) | (221) |
| | (692) | (1,416) |
| | 13 | 23 |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 30 | 480 |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Soláthar measta €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **Polasaí Eacnamaíoch, Cánachais ahgus Buiséid** | | | |
| A.1. | Riarachán - pá | 6,456 | 5,966 | 5,163 |
| A.2. | Riarachán - neamhphá | 284 | 270 | 230 |
| A.3. | Coistí agus coimisiúin | 330 | 326 | 312 |
| A.4. | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 75 | 17 | 30 |
| A.5. | Comhairle Fhioscach Chomhairleach (deontas-i-gcabhair) | 300 | 222 | — |
| A.6. | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 5 | 2 | 211 |
| | | **7,450** | **6,803** | **5,946** |
| **B** | **Polasaí na Seirbhísí** | | | |
| B.1. | Riarachán - pá | 4,486 | 4,585 | 4,456 |
| B.2. | Riarachán - neamhphá | 184 | 188 | 178 |
| B.3. | Coistí agus coimisiúin | 35 | 26 | 4 |
| B.4. | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 4,195 | 2,213 | 4,924 |
| B.5. | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 750 | 629 | 722 |
| | | **9,650** | **7,641** | **10,284** |
| **C** | **Seachadadh Seirbhísí** | | | |
| C.1. | Riarachán - pá | 6,815 | 6,927 | 6,368 |
| C.2. | Riarachán - neamhphá | 3,143 | 3,023 | 2,890 |
| | | **9,958** | **9,950** | **9,258** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5% (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| B.4 | (1,982) | Measadh go dteastódh an leithdháileadh seo do chomhairle dlí maidir le scéim ráthaíochta na mbanc, athchaipitliú agus ceisteanna athstruchtúraithe, ullmhú reachtaíochta agus comhairle ghinearálta airgeadais agus bhaincéireachta. Is deacair an rud é, áfach, a leithéidí de riachtanais a thuar ar bhealach dearfa. |
| B.5 | (121) | Cuireadh i gcrích obair an choimisiúin scrúdaithe maidir leis an Earnáil Bhaincéireachta in Éirinn (Coimisiún Nyberg) níba luaithe ná mar a bhíothas ag dréim leis agus níor tháinig dúshláin dlí chun cinn a rabhthas ag súil leo agus ar buiséadaíodh lena n-aghaidh. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 300 | 532 | 2,335 |
| 2. Farasbairr um shreabhadh airgid pinsean | — | — | — |
| 3. Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 895 | 1,158 | 1,082 |
| 4. Ilghnéitheach | 6 | 122 | 94 |
| **Iomlán** | **1,201** | **1,812** | **3,511** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**
Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. | (232) | Is deacair na costais in-fhorchúitithe faoin scéim a mheas. |
| 3. | (263) | Ní féidir leibhéal na bhfáltas a mheas go cruinn toisc go bhfuil éagsúlacht i gceist le fáltais ag brath ar an líon foirne fostaithe agus tá éagsúlacht ar an gcéatadán asbhainte ag brath ar leibhéal tuarastail na bhfostaithe ar leith. |
| 4. | (116) | Luainíonn fáltais faoin teideal seo agus tá siad deacair a mheas go cruinn. |

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Aistríodh fáltais eile de chuid €8,999 chuig an Státchiste i rith na bliana maidir le hairgead a fuarthas in 2011 nach raibh cuí don Vóta. Cuimsíonn an figiúr seo €7,419 tabhairt suas deonach phá agus €1,580 i ndáil le costais taistil aisíoctha ag comhlacht idirnáisiúnta.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 272 | 276 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá [1] | 15,927 | 14,752 |
| Iomarcaíocht | 145 | — |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 166 | 185 |
| Liúntais eile | 117 | 214 |
| Ragobair | 352 | 302 |
| ÁSPC an Fhostóra | 857 | 738 |
| **Pá iomlán** | **17,564** | **16,191** |

[1] Áiríonn figiúr an phá iomláin an pá i bhfotheidil A.1, B.1, B.5, C.1.

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 36 | 5 | 15,934 | 19,551 |
| Liúntais eile | 79 | 1 | 89,038 | 26,637 |
| Ragobair | 102 | 11 | 28,672 | 30,647 |

**Tabhair faoi deara:** Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin

## 5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile

Athcheapadh beirt státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de €10,470.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €410,072 i ndáil le 7 n-oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2011 nó don bhliain ar fad agus a íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Íocadh €41,763 ar an iomlán le 19 mball foirne faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe 1% an Chláir um Iomaíochas agus Obair de chuid Chomhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Feidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 ó 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá aonad baincéireachta NTMA ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an NTMA ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe. Tabhaíodh costais sa tréimhse ó 5 Lúnasa 2011 go 31 Nollaig 2011 ar luach €6.3 milliún.

## 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa | 1967 | 26 | 1 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe | 1989 | 326 | 312 |
| Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách ar an Roinn Airgeadais | 2010 | 2 | 211 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin maidir leis an earnáil baincéireachta in Éirinn | 2010 | 629 | 722 |
| | | 983 | 1,246 |